etb
Bord Oideachais agus Oiliúna
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire
Education and Training Board

Inniúlacht Mhúinteoirí

1. Eolas Gairme (Tuiscint ar Inneachar agus Oideolaíocht)

Ba chóir do mhúinteoirí:

1.1 Smaointe bunúsacha, na prionsabail agus struchtúr na ndisciplíní a mhúineann siad a bheith ar eolas acu agus iad a thuiscint chomh maith.

1.2 naisc le limistéir ábhair eile a thuiscint agus a bheith ábalta foghlaim a chomhtháthú idir agus ar fud na limistéir ábhar.

1.3 bheith eolach faoi réimse fealsúnachtaí foghlama, iad a thuiscint agus bheith in ann iad a chur in iúl.

1.4 an réimse teoiricí múinteoireachta agus foghlama a mheas go grinn agus bheith ar an eolas faoi conas iad a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

2. Cleachtadh Gairme (*Teagasc & Timpeallacht Ranga, Pleanáil & Ullmhú*)

Ba chóir do mhúinteoirí:

2.1 ionchais atá soiléir, dúshlánach agus indéanta a phleanáil agus a chur in iúl do mic léinn/ daltaí.

2.2 a n-eolas agus a dtaithí a chur i bhfeidhm in éascú forbairt iomlánaíoch an dalta.

2.3 timpeallacht a chruthú in ar féidir le mic léinn bheith ina ngníomhaíthe gníomhacha sa phróiseas foghlama agus go bhforbróidh siad scileanna foghlama ar feadh an tsaoil.

2.4 timpeallacht a bhunú, ina mbeadh luach ar an bhfoghlaim, ina gcothófaí an léann, agus ina mbeifí in ann na réimsí iompair agus na cúinsí éagsúla a tharlaíonn sa seomra ranga a stiúradh.

2.5 pleanáil don fhoghlaim agus úsáid a bhaint as réimse straitéisí a thacaíonn le foghlaim difreáilte ar bhealach a thaispeánann meas ar dhínit na mac léinn ar fad.

2.6 pleanáil don fhoghlaim agus réimse teicníochtaí measúnaithe, idir mhúnlaitheach agus suimitheach, a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an bhfoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla.

2.7 gach céim réasúnta maidir le cúram na mac léinn faoina maoirseacht a thógáil chun a slándáil agus a leas a chinntiú.

3. Forbairt Ghairmiúil

Ba chóir do mhúinteoirí:

3.1 freagracht phearsanta a thógáil dá bhforbairt phearsanta féin agus machnamh leanúnach a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil lena chinntiú go bhfuil sé éifeachtach.

3.2 i gcomhthéacs cóimheasa, a bheith oscailte agus freagrúil d'aiseolas cuiditheach maidir lena gcleachtas gairmiúil agus, más gá, an tacaíocht, an chomhairle agus an treoir chuí a lorg.

3.3 oscailteacht agus inoiriúnaitheacht a léiriú agus freagairt go héifeachtach do thimpeallacht oideachais a bhíonn ag fabhrú go leanúnach .

4. Luachanna Gairme & Caidrimh

Ba chóir do mhúinteoirí:

4.1 mic léinn a spreagadh agus a n-iarrachtaí agus a mbuanna a cheiliúradh.

4.2 meas a léiriú ar uathúlacht, indibhidiúlacht agus riachtanais sainithe na ndaltaí agus a bhforbairt iomlánaíoch a chothú.

4.3 gníomhú go comhoibríoch le mic léinn, le tuismitheoirí, le ceannaireacht scoile agus le baill eile den fhoireann, le daoine proifisiúnta cuí agus le pobal mór na scoile, de réir oiriúnachta, ar mhaithe le comhroinnt, le dea-chleachtas a fhorbairt agus tacú leis, chomh maith le cothabháil ardchaighdeán eispéireas oideachais do na mic léinn.

4.4 bheith tiomanta do chomhionannas, do chuimsitheacht meas a léiriú ar an éagsúlacht agus aitheantas a thabhairt dó.

4.5 seasamh le hard eitic proifisiúnta maidir lena n-iompar féin.

4.6 cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le mic léinn, comhghleacaithe, tuismitheoirí agus le bainistíocht na scoile agus le daoine eile i bpobal na scoile ar shlí atá proifisiúnta, comhoibríoch agus tacúil agus bunaithe ar mhuinín agus ar mheas.

5. Obair ar son na Scoile agus an Phobail (Seach-churaclaim/ inniúlachtaí eile)

Ba chóir do mhúinteoirí:

5.1 páirt a ghlacadh agus tacaíocht a thabhairt d'obair cláir seach-churaclaim /gníomh-aíochtaí.

5.2 tuiscint a bheith acu ar chomhthéacs na Scoile sa Bhord Oideachais agus Oiliúna.

5.3 cumas a bheith acu tacaíocht agus cothabháil a thabhairt d'iarrachtaí mic léinn chomh maith le forbairt foriomlán na scoile.